## 10. RÍ NA gCAT

Bhí beirt fhear singil ina gcónaí mar chomharsana san áit seo fadó. Bhí fear acu nár ghéill riamh don fhírinne agus a fear eile nár ghéill riamh ach don fhírinne. B'é an argóint a bhí eatarthu cé acu a théann níos sia:

- An fhírinne
- An bhréag

Chuir said geall síos chun an argóint a shocrú.

Ag gabháil bóthar dóibh d'iarr siad ar pé stróinséar gur bhuail siad leis an deighilt eatarthu a réiteach. I dtús glacadh i measc na stróinséaraí seo gurb é an fhírinne a théann níos faide ach nuair a bhagair fear na bréige iad le gunna thaobhaigh siad leis an mbréag. I gcaitheamh a shaol ag iomaíocht lena chomharsan chaill fear an fhírinne mórán. Chaill sé radharc na súl. Chaill sé a chuid airgead agus a chuid leabhar.

Caoch agus bocht ní raibh i ndán dó, dar leis, ach bheith caite ar thaobh an bhóthair in aice leis an reilig. An oíche céanna tháing scéal chuige maidir le cruinniú na gcat mórthimpeall ordaithe ag Rí na gCat. D'inis an rí scéal don chomhluadar faoi galar a tháing ar cailín tar éis trí ribe dá heirbeall a shlogadh. Ní raibh de leigheas ar an ngalar a bhuail í ach trí deora ón nglaise a bhí in aice na reilige.

Chuala an fear caoch gach rud. D'aimsigh sé an glaise. Leasaigh an t-uisce a shúile.

Líon sé buidéal agus bhain amach teach an chailín óig. Bhí sí ag fáil báis fán am seo ach tháing sí ar ais chuici féin nuair a thug sé deora na glaise di. Chuir sí amach gach a raibh ina goile agus bhí na trí ribe as eirbeall an chait ann. Fuair sé duais dá bharr agus d'fhill sé abhaile.

Chuir a scéal íontas ar fear na bréige agus cheistigh sé é faoin áit draìochtúil seo. Nuair a fuair sé amach cá raibh an áit seo ar aghaidh leis á lorg. An oíche céanna go bhfuair sé an áit d'fhógair Rí na gCat gur airigh duine éigin iad an bhliain roimhe sin agus d'eirigh leis galar an chailín óig a leasú. Chuardaigh na cait an áit agus d'aimsíodar fear na bréige. Ghabh siad é agus cheangail siad suas é.

Sin mar a chríochnaíonn an scéal agus tugtar le tuiscint go bhfuair fear na bréige bás agus gur ag an bhfírinne a bhíonn an bua i gcónaí.

Téamaí

Buann an fhírinne sa deireadh thiar thall.

Ní thagann ach scrios as sainnt agus mímhacántacht

Tá eolas osnádúrtha ag ainmhithe

Is áiteanna iad reilgí go bhfuil draíocht agus eagna ag baint leo.